V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11081 — MARCEGAGLIA CARBON STEEL / SIA SEVERSTAL DISTRIBUTION)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 106/04)

1. An 10 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Marcegaglia Carbon Steel S.p.A ("Marcegaglia", an Iodáil), atá faoi rialú deiridh an ghrúpa Marcegaglia;

— SIA Severstal Distribution ("SSD", an Laitvia), mar aon lena dhá fhochuideachta Severstal Distribution spzoo (an Pholainn) agus Severstal Distribution OOO (an Úcráin), atá faoi rialú deiridh Alexey Alexandrovich Mordashov tríd an eintiteas Rúiseach Severgroup.

Gheobhaidh Marcegaglia rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar SSD.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa tionsclaíoch Iodálach faoi úinéireacht teaghlaigh é Marcegaglia atá gníomhach san earnáil cruach agus díríonn sé ar thrádáil agus ar phróiseáil cruach. Táirgeann sé táirgí cruach carbóin den chuid is mó, ach, ar bhonn níos lú, táirgeann sé táirgí cruach dhosmálta cothrom agus fada freisin;

— Is soláthróir Laitviach é SSD de tháirgí cruach allmhairithe, atá gníomhach i gcóireáil agus i gcótáil miotal agus mórdhíol miotal agus mianta miotail. Is é an t-aon scairshealbhóir de SIA Severstal Distribution ná PAO Severstal ("an Díoltóir"), ar cuideachta Rúiseach é atá ina chuideachta mianadóireachta cruach agus mianadóireachta a bhaineann le cruach atá comhtháite go hingearach agus a bhfuil sócmhainní móra aige sa Rúis agus infheistíochtaí i réigiúin eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11081 — MARCEGAGLIA CARBON STEEL / SIA SEVERSTAL DISTRIBUTION

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË